2023/2892

22.12.2023

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2892 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Nollaig 2023**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar i mBallstáit áirithe**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023)9109)*

**(Is iad na téacsanna Gréigise agus Bulgáirise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den ghalar sin i measc ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfaidh sé go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar na hainmhithe sin.

(2) Sainmhínítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar mar ghalar de chatagóir A i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2]). Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe 2020/687 ón gCoimisiún ([3]) forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseofar leis an gcrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 ón gCoimisiún ([4]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe i ndiaidh ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar a deimhníodh sa Bhulgáir agus sa Ghréig.

(4) Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 maidir leis na criosanna srianta atá le bunú ag an dá Bhallstát sin, tar éis ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Ina theannta sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 leagtar síos beartaithe áirithe atá le cur i bhfeidhm sna criosanna srianta breise, sa bhreis ar na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2023 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar i mBallstáit áirithe agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2067 agus (AE) 2023/2470 (IO L, 2023/2725, 4.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2725/oj).

(5) Sa Bhulgáir, níor tuairiscíodh aon ráig nua den bholgach caorach ná den bholgach gabhar go dtí seo, ó deimhníodh ráig amháin i gCúige Burgas an 16 Meán Fómhair 2023. Mar thoradh air sin, tá deireadh curtha le gach crios srianta sa Bhallstát sin ó bhí an 30 Samhain 2023 ann.

(6) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 ann, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi dhá ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál caorach, bunaíochtaí atá lonnaithe in aonad réigiúnach Phthiotis, i réigiún na Gréige Láir. Is iad sin na chéad ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhair a tuairiscíodh i réigiún na Gréige Láir agus ar mhórthír na Gréige i gcoitinne.

(7) Chuir údarás inniúil na Gréige an Coimisiún ar an eolas faoi staid na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar ina críoch faoi láthair, tar éis na ráigeanna den ghalar sin a tharla le déanaí in aonad réigiúnach Phthiotis, agus rinne sé na bearta rialaithe galar is gá a cheanglaítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(8) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun bacainní gan údar ar thrádáil ag tríú tíortha a sheachaint, is gá na criosanna srianta i dtaca leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar, ar criosanna iad atá comhdhéanta de na criosanna cosanta agus na criosanna faireachais, mar aon leis na criosanna srianta breise sa Ghréig, a shainaithint go tapa ar leibhéal an Aontais i gcomhar leis an mBallstát sin. Thairis sin, i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair, is gá cur le méid na gcriosanna sin agus/nó leis an bhfad a mhairfidh na criosanna sin, lena n-áirítear an crios srianta breise a bunaíodh roimhe seo ar oileán Lesvos.

(9) Dá réir sin, ba cheart na limistéir a shainaithnítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sa Ghréig a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart an fad a mhairfidh an réigiúnú sin a shocrú.

(10) Ós rud é go leagtar síos leis an gCinneadh seo bearta atá comhionann leis na bearta a leagtar síos cheana féin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725, agus atá á gcur i bhfeidhm ag an mBulgáir agus ag an nGréig faoi láthair, is iomchuí go mbeidh feidhm ag an gCinneadh seo sa dá Bhallstát sin faoi seach ó na dátaí céanna agus na dátaí a liostaítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, a mhéid a bhaineann leis na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 roimh na leasuithe a dhéantar uirthi leis an gCinneadh seo. Maidir leis na limistéir a chuirtear isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 mar gheall ar na leasuithe a dhéantar ar an Iarscríbhinn sin leis an gCinneadh seo, áfach, ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo.

(11) Agus aird á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Aontas a mhéid a bhaineann le bolgach caorach agus le bolgach gabhar, ba cheart síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725, agus ba cheart feidhm a bheith aige go dtí an 15 Aibreán 2024.

(12) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘*Airteagal 5*

**Cur i bhfeidhm**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo:

(a) maidir leis na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn i ndáil leis an mBulgáir ón 26 Meán Fómhair 2023;

(b) maidir leis na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn i ndáil le Réigiún na Mara Aeigéiche Thuaidh sa Ghréig ón 31 Deireadh Fómhair 2023, agus maidir leis na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn i ndáil le Réigiún na Gréige Láir sa Ghréig ón 18 Nollaig 2023.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 15 Aibreán 2024.';

2. leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

**Seolaithe**

Is chuig Poblacht na Bulgáire agus chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2725, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid 2 a bhaineann leis an nGréig:

'2. **AN GHRÉIG**

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar ráigeanna deimhnithe**

| Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí |
|---|---|---|
| **Réigiún na Gréige Láir**<br>GR-CAPRIPOX-2023-00002<br>GR-CAPRIPOX-2023-00003 | Protection zone:<br>Those parts of the regional unit of Phthiotis, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.632418, Long. 23.182044 (2023/2); Lat. 38.624906, Long. 23.155387 (2023/3) | 14.1.2024 |
| | Surveillance zone:<br>A surveillance zone that comprises the following areas:<br>— in the regional unit of Phthiotis, the Municipality of Lokroi;<br>— in the regional unit of Boeotia, the Municipality of Orchomenos. | 23.1.2024 |
| | Surveillance zone:<br>Those parts of the regional unit of Phthiotis, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.632418, Long. 23.182044 (2023/2); Lat. 38.624906, Long. 23.155387 (2023/3) | 15.1.2024 go 23.1.2024 |

B. **Criosanna srianta breise**

| Réigiún | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna srianta breise sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí |
|---|---|---|
| **Réigiún na Mara Aeigéiche Thuaidh** | A further restricted zone that comprises the entire territory of the regional unit of Lesvos. | 15.3.2024 |
| **Réigiún na Gréige Láir** | A further restricted zone that comprises:<br>— the entire territory of the regional unit of Phthiotis;<br>— the entire territory of the regional unit of Boeotia;<br>— in the regional unit of Euboea, the entire territory of the municipality of Chalcis. | 15.3.2024' |